Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2017
(OR. fr)

14776/2/17
REV 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0130 (COD)

CODEC 1893
SOC 748
EMPL 568
SAN 440
IA 195

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ó na priacail a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 13 Bealtaine 2016, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 153(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 21 Meán Fómhair 2016[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

3. An 25 Deireadh Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 8962/16.
[2] IO C 487, 28.12.2016, lch 113.
[3] 13570/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 45/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre cheann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus beidh toscaireacht na Cróite, na Breataine agus na Polainne ag staonadh.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.